

CHAPTER 32

AN VEINÉIS

Banríon Mhuir Adriad

Bualadh an dá chathair, an Róimh agus Flórans, go dona de bharr cogáochta i rith an 16ú haois. Ach bhláthaigh cathair na Veinéise, nó 'Banríon Mhuir Aidriad', agus tháinig sí chun cinn go dtí go raibh sí ar an gcathair ba thaibhsí san Iodáil. Ar an gcrosbhóthar idir an tOirthear agus an tIarthar a bhí an Veinéis suite, agus bhí meascán de chiníocha agus de chultúir ag maireachtáil ann dá réir. Ba chathairstát cumhachtach neamhspleách í agus bhí impireacht thar lear aici, rud nach raibh ag cathairstát ar bith eile. Dá bhrí sin, bhí ceannas nach mór iomlán ag a cabhlach ar an trádáil idir an tOirthear agus an Eoraip ar feadh na gcéadta bliain.

Taobh amuigh d'Fhlórans féin, bhí an Veinéis ar an gcathair ba thábhachtaí de chuid an Renaissance. Murab ionann agus Flórans, is beag tóir a bhí ar an ailtireacht Chlasaiceach sa Veinéis, agus níor glacadh leis an stíl sin mórán sa chathair. Tháinig stíl ailtireachta dá cuid féin chun cinn sa Veinéis agus is í an stíl sin is cúis leis an spleodar faoi leith a bhaineann le cathair na Veinéise go dtí an lá seo féin.

An Phéintéireacht sa Veinéis

Bhí difear lá agus oíche idir an Veinéis agus Flórans ó thaobh an Renaissance de. Ba í an dealbhóireacht an ealaín ba thábhachtaí i bhFlórans ach ba í an péintéireacht ba thábhachtaí sa Veinéis. D'úsáid péintéirí na Veinéise dathanna taibhseacha ina gcuid oibre agus leag siad an péint anuas ar an gcanbhás lom, ar sceitsí garbha, go fiú. Chomh maith leis sin, d'fhág an stíl scaoilte scuibe a bhí acu go mbíodh uigeacht mhín veilbhite ar na saothair.

Solas agus Dath

Is cathair í an Veinéis a tógadh ar an uisce féin. Bádh gach aon rud i solas bog lonrach agus d'fhág na scáileanna ar fad san uisce gorm i murlaigh na cathrach nach mbíodh imlíne chrua ar bith le feiceáil. Bhí mórthábhacht leis an solas céanna do na péintéirí mar gur chabhraigh sé leo atmaisféar mistéireach a chruthú, go háirithe agus tírdhreach á phéinteáil acu.

Péinteáil ar Chanbhás

Ba í an chomaoin ba thábhachtaí a chuir an Veinéis ar na hamharce-ealaíona ná an fhorbairt a rinneadh maidir le péintéireacht ola ar chanbhás. Is bealach oibre é a mbaineann ealaíontóirí leas as go dtí an lá inniu féin.

Toisc go raibh aeráid na cathrach chomh tais sin ní fhéadfadh ealaíontóirí na Veinéise freascónna a phéinteáil ar bhallaí plástráilte. D'úsáid na Veinéisigh olaphéint, rud a d'oir go seoigh don aeráid. Shíneadh ealaíontóirí a gcuid canbhás ar fhráma adhmaid agus chuiridís bunbhrat de gesso bán air ionas go lonródh an solas tríd an bpéint olúil agus na glónraí.

Giorgione (1477–1510)

Thug Giorgione (a chiallaíonn Georgio Mór) faoi péint níos teimhní nó níos trédhearcaí a úsáid. Bhí dhá bhuntáiste ag baint leis an bpéint nua. Níor ghá don ealaíontóir an obair mhór réamhullmhúcháin a ghabh leis na réamhlíníochtaí a dhéanamh níos mó. Ina theannta sin bhí sé ní b'fhusa ag an ealaíontóir ceartúcháin a dhéanamh.

Is beag atá ar eolas faoi shaol Giorgione. Fuair sé bás go hóg agus ba mhór an chailliúint é do Scoil na Veinéise mar go raibh an-gheallúint faoi mar mháistir. Thug a phéintéireacht aislingeach mhistéireach focal nua, *poesie/pósae*, nó filíocht na súl, isteach i bhfriotal na healaíne. Ní mhaireann ach roinnt bheag pictiúr is féidir a leagan air go cinnte agus meastar gurbh é Titian, mac léinn leis, a chríochnaigh roinnt mhaith dá chuid



FIG. 32.1 AN STOIRM, Giorgione, Gallerie del' Accademia, An Veinéis



FIOR 32.2 VÉINEAS
INA CODLADH,
Giorgione,
Gemäldegalerie,
Dresden

pictiúr. Na cinn atá againn, áfach tá siad beo le solas románsúil brionglóideach.

An Stoirm

Is sa phictiúr draíochtúil, *An Stoirm* (fíor 32), is fearr a fheictear teicníc Giorgione. Tá an pictiúr sin ar cheann den bheagán ar eol dúinn go cinnte gurb é Giorgione a phéinteáil é. Tá plé á dhéanamh ag saineolaithe ar an bpíosa le fada ach is deacair ag aon duine a rá go baileach cén bhrí atá leis. Is cinnte, áfach, gur tháinig athrú mór ar stíl péintéireachta na Veinése tar éis do Giorgione é a chríochnú.

Ní thuigtear an saothar seo i gceart fós. Ach is é solas aisteach na tintrí díreach roimh an stoirm a chruthaíonn an t-atmaisféar ann agus an chodarsnacht idir na toin sna sraitheanna de sholas agus scáil. Seans gur siombailí is ea fear an bhata agus na fothracha ar an tógáil agus ar an díthógáil faoi seach. Meastar gur siombail í an mháthair ar an bhfoscadh, sa mhéid is go gcuireann sí a leanbh a chodladh faoi scáth na gcrann.

Véineas ina Codladh

Is téamaí diaga is mó a bhí chun cinn i bpéintéireacht na Veinése, ach mar sin féin, bhí éileamh ag pátrúin áirithe ar shaothair ar a dtugtaí na 'Véineasaí' chomh maith, pictiúir de chailíní nochta. Ba é Giorgione a cheap an mhóitíf céanna. Ní haon iontas é, dá bhrí sin, go bhfuil pictiúr a phéinteáil sé féin, *Véineas ina Codladh* (fíor 32.2), ar cheann de na samplaí is foirfe de chuid an Renaissance. Tá bandia miotasach an ghrá ina codladh go sámh faoi chrann i suaimhneas na tuaithe gan aird ar bith aici, de réir dealraimh, ar lomnochtacht a colainne. Is sampla den scoth é de stíl Georgione, úsáideann sé solas bog an tráthnóna chun an tírdhreach gan smál agus an spéirbhean sciámhach a thabhairt le chéile mar radharc álainn fileata.

Arcadia

Tharraing péintéireacht Giorgione go láidir ar an bhfilíocht thréadach a bhí coitianta ag an am. Seansmaoineamh a bhí ann gur áit a bhí i dtírdhreach na tuaithe a bhféadfadh muintir na cathrach dul ann agus a bheith ag brionglóid faoin ngrá agus faoin saol. Seánra litríochta ba ea é a raibh tóir ag an bpobal air ar feadh na gcéadta bliain. Chonaic lucht an chlasaice agus lucht an Renaissance ceangal idir an téama céanna agus domhan miotasach órga a bhí cailte le Rada. Arcadia, a thugtaí ar an bparthas saolta sin, ríocht na n-aoirí agus na mbanaoirí suaimhneacha críonna.

Véineas Urbino

Bhí an t-ealaíontóir Tiziano Verselli (Titian) ina chúntóir ag Giorgione, chomh maith le bheith ina chara aige, agus tháinig sé go mór faoina anáil. Deirtear gurbh é Titian a chríochnaigh *Véineas ina Codladh* tar éis dá mháistir bás a fháil. Rinne Titian roinnt saothar dá chuid féin ar théama Véineas níos déanaí. Is é *Véineas Urbino* (fíor 32.3) an ceann is mó le rá orthu siúd.

Is léir na cosúlachtaí idir an dá phictiúr láithreach bonn. Ní tírdhreach ciúin Giorgione atá ag Titian, áfach, ach seomra príobháideach. In ainneoin go bhfuil an staidiúir mórán mar a chéile sa dá phictiúr, tá íomhá Thitian i bhfad níos drúisiúla. Tá an spéirbhean ina dúiseacht sa chás seo. Níl sí dall ar a háilleacht féin agus is go maith is eol di go bhfuiltear ag breathnú uirthi.

Pósadh atá á cheiliúradh sa phictiúr agus tá an-chuid tagairtí siombalacha ann. Feictear madra beag ina cheirtlín ar an leaba mar shiombail ar an dílseacht. Tá cailíní aimsire i gcúlra an tsaothair agus cófra 'pósta' ar oscailt acu.

Fíor 32.3 VÉINEAS URBINO, Titian,
An Gailearaí Uffizi, Flórans



Ceolchoirm Champêtre

Bhí Titian ag obair ina chúntóir ag Giorgione go dtí gur bhásaigh seisean sa bhliain 1510. Ceaptar sa lá inniu gur le Titian cuid de na saothair a leagtaí ar Giorgione tráth. Saothar conspóideach is ea *Ceolchoirm Champêtre* (Ceolchoirm Tuaithe) (fíor 32.4). Tuigeadh ar feadh na mblianta gurbh é an pictiúr aisteach sin buaicshaothar Giorgione ach anois ceaptar go mb'fhéidir gurbh é Titian a rinne é, nó ar a laghad ar bith, gurbh eisean a chríochnaigh é.

Titian (1485 - 1576)

Nuair a bhásaigh Bellini, ba é Titian príomhealaíontóir Phoblacht na Veinése. Ba é Giorgione ba mhó a mhúin cúrsaí stíle agus teicnícé dó. Thairis sin, thuig Titian níos fearr ná aon ealaíontóir eile lena linn conas anam a chur i bpictiúr. Bhí stádas aige mar dhuine de na péintéirí ba mhó le rá san Eoraip. Rinneadh aithris go forleathan ar na dathanna saibhre a d'úsáid sé agus ar na teicnící péintéireachta a chleacht sé.



Fíor 32.4 CEOLCHOIRM TUAITHE, Titian,
An Louvre, Páras

Deastógáil na Maighdine Muire

Os cionn na haltóra i mBaisleac Santa Maria Gloriosa dei Frari atá an pictiúr *Deastógáil na Maighdine* le Titian (fíor 32.5). Ba bhriseadh ar fad leis an seantraidisiún é comhdhéanamh an tsaothair agus na dathanna láidre a úsáideadh ann. Ní gach éinne a bhí sásta le léiriú na Maighdine féin, áfach, agus í gléasta i ndearg láidir. Tá sí ar foluain os cionn na nAspal agus iadsan ag croitheadh a lámh uirthi.

Bacchus agus Ariadne

Ba é *Deastógáil na Maighdine* an chéad saothar ollmhór a bhain leis an Ard-Renaissance sa Veinéis. Thug Alfonso d'Este, diúc Ferrara, coimisiún do Titian roinnt pictiúr bunaithe ar an miotaseolaíocht a phéinteáil ina dhiaidh sin. Bhí an pictiúr spleodrach *Bacchus agus Ariadne* (fíor 32.6) ar cheann de na pictiúir sin. Titeann Bacchus, dia an fhíona i ngrá le Ariadne, iníon rí na Créite.



Fíor 32.5 DEASTÓGÁIL NA MAIGHDINE, Titian, An Veinéis



Fíor 32.6 BACCHUS AGUS ARIADNE, Titian, An Gailearaí Náisiúnta, Londain

Seanscéal miotaseolaíochta atá á léiriú sa phictiúr *Bacchus agus Ariadne* agus is é an grá ar an gcéad amharc an téama atá á ríomh sa léiriú. Thit Ariadne i ngrá le Theseus agus chabhraigh sí leis an Míonótár i bpálás Chnósas na Créite a mharú. Thréig seisean í, áfach. Anois agus í ag fánaíocht cois farraige ag cuardach long a leannáin, tagann Bacchus, dia an fhíona aniar aduaidh uirthi. Cuireann lucht leanúna fiáin an dé scáth uirthi agus féachann sí in airde orthu go critheaglach. Iarrann Bacchus uirthi é a phósadh agus tairgeann sé an spéir di mar bhronntanas pósta. Is féidir an choróin réaltaí atá geallta di a fheiceáil sa spéir díreach os cionn Ariadne.

Dath

Tá clú ar an bpictiúr sin de bharr na ndathanna gáifeacha agus na líonna neamhghnácha a úsáideadh ann. Gorm ultmairíneach na farraige agus na dearga domhaine mar shampla. Chun cur leis na dathanna príomhúla sin, d'úsáid Titian dath órga-oráiste ar chuid de na héadaí sa phictiúr. Is álainn an dath é ach ní úsáidte go minicé.

Tagairtí Clasaiceacha

Comhdhéanamh triantánach atá faoin bpictiúr agus Bacchus i lár báire ann. Tá an pictiúr breac le tagairtí a mheabhródh na dealbha clasaiceacha dúinn. Léim dhrámata dhia an fhíona, mar shampla, ní fada í ó staidiúir *Fear Caite na Teisce* (fíor 32.7) – dealbh ársa de chuid na Gréige. Tá satair i measc lucht leanta racánach Bacchus, tá sé ag coraíocht le nathair agus ní foláir nó gur tagairt é sin don dealbh cháiliúil, *Lacoön agus a Chlann Mhac* (féach Caib. 28, fíor 28.7).



FIGÚR 32.7 FEAR CAITE NA TEISCE Myron, Músaem Victoria agus Albert, Londain

330

Freagra Spioradálta

Bhí Titian ag tarraingt ar 80 bliain d'aois nuair a rinne sé ceann de na pictiúir is cumhachtachaí, spioradálta dá chuid. Ís iomaí leagan den íomhá chéanna a phéinteáil sé i gcaitheamh a shaoil ach is dócha gurb é *Ecce Homo* an sampla is breátha acu (fíor 32.8). Ta an saothar i nDánlann Náisiúnta na hÉireann anois. 'Fear an Bhróin' a thugtar ar a leithéid seo d'íomhá. Tá ceann faoi ar an bhfíor agus fágann luisne glébhúí an luain go bhfuil a aghaidh faoi scáil. Ach cuireann na toin bhoga leis an íomhá fhíor-choscraich seo d'íosa, é cuibhrithe céasta buailte agus coróin spíonta ar a cheann.

Murab ionann agus go leor ealaíontóirí móra eile de chuid an Renaissance ba leis an bpéintéireacht amháin a chloígh Titian. D'fhág sé mórchuid saothar ina dhiaidh, áfach, agus thug sé faoi iliomad téamaí. Bhí sé tuairim is nócha bliain d'aois nuair a bhásaigh sé, é ina fhear saibhir agus é ar an bpéintéir is mó le rá san Eoraip lena linn.



FIGÚR 32.8 ECCE HOMO, Titian, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath

Conclúid

De bharr go raibh an Veinéis scoite amach ón gcuid eile den Iodáil níor tháinig sé faoi thionchar ón iasacht mórán mar a tharla in áiteanna eile san Iodáil. D'fhág sé sin gur fhorbair ealaíontóirí na Veinéise sainstíl phéintéireachta dá gcuid féin. Cá bhfios ach go raibh tionchar éigin ag an solas a thagann de dhroim Mhuir Adriad ar an stíl sin. I bhfad sular thit impriseanaithe na Fraince faoi dhraíocht ag drithlíní an tsolais ar an uisce bhí péintéirí na Veinéise tar éis dul i ngleic leis an solas agus na dathanna sin a bheith ag imirt ar a chéile.

Ceisteanna

1. Cad é an ghné is tábhachtaí de phéintéireacht na Veinéise i réimse na n-amharc-ealaíon?
2. Cad a thugann an téarma *pósae/poesie* le fios i gcomhthéacs péintéireacht na Veinéise?
3. Déan cur síos ar a raibh i gceist le Arcadia.
4. Cérbh iad príomhphéintéirí na Veinéise?

Aiste

1. Cérbh é Giorgione agus cad iad na gnéithe ar leith dá chuid oibre a tharraing cáil na mistéire ar a shaothar?
2. D'fhág Titian, an péintéir, raidhse mór saothar ina dhiaidh. Pléigh roinnt pictiúr dá chuid agus déan cur síos ar na hathruithe, idir choincheapa agus stíl, a thit amach i gcaitheamh a shaoil.

Staidéar ar phictiúir dhaite

1. Scrúdaigh *Véineas ina Codladh* (fíor 32.2) le Giorgione agus déan comparáid idir é agus *Véineas Urbino* (fíor 32.3) le Titian. Déan tagairt do na sonraí siombalacha sofheicthe sa dá shaothar. Luaigh cé dóibh ar péinteáladh iad, más fíor.
2. Scrúdaigh *Bacchus agus Ariadne* (fíor 32.6) agus déan cur síos ar an radharc. Ainmnigh cuid de na dathanna a tharraing cáil ar an bpictiúr sin.